Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023
(OR. en)

6431/23

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0377(COD)**

CODEC 191
EF 49
ECOFIN 149

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/760 a mhéid a bhaineann le raon feidhme sócmhainní agus infheistíochtaí incháilithe, ceanglais maidir le comhdhéanaimh agus éagsúlú punainne, iasachtaíocht airgid thirim agus rialacha ciste eile a mhéid a bhaineann le ceanglais a bhaineann le húdarú, beartais infheistíochta agus coinníollacha oibriúcháin cistí infheistíochta fadtéarmacha Eorpacha **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 25 Samhain 2021, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 23 Márta 2022[2].

3. An 15 Feabhra 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 14367/21 + ADD 1-4.
[2] IO L 290, 29.7.2022, lch. 64.
[3] 6291/23.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 69/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.